Coimisiún na Meán

# Treoir ó Choimisiún na Meán maidir le Tobhach 2026

**Le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026**

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Cuid 1: Maoiniú Choimisiún na Meán** | **3** |
| **Cuid 2: Cúlra Thobhach Choimisiún na Meán** | **3** |
| **Cuid 3: Príomhghnéithe den Ordú Tobhaigh** | **4** |
| **Cuid 4: Forbhreathnú ar an bPróiseas Bailithe Tobhaigh** | **6** |
| **Cuid 5: Ceisteanna Coitianta** | **7** |
| **Cuid 5: Ceisteanna Coitianta (ar lean)** | **8** |

## Cuid 1: Maoiniú Choimisiún na Meán

1.1 Le halt 21 den Acht Craolacháin 2009 (“**an tAcht**”), soláthraítear cumhacht do Choimisiún na Meán (“an Coimisiún”) chun ordú tobhaigh a fhorchur orthu seo a leanas:

- Soláthraithe seirbhísí meán closamhairc;
- Soláthraithe seirbhísí craolacháin fuaime;
- Soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne;
- Soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí, agus
- Soláthraithe seirbhísí óstála.

1.3 Éilítear ioncam tobhaigh chun comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin a mhaoiniú. De réir Alt 21(4) den Acht, ní mór don Choimisiún féachaint lena chinntiú go bhfuil an t-ioncam tobhaigh leordhóthanach chun a chaiteachais a thabhaigh sé go hiomchuí agus a riachtanais chaipitil oibre don tréimhse thobhaigh iomchuí a íoc a mhéid nach gcomhlíontar na caiteachais agus na ceanglais sin ar bhealaí eile.

## Cuid 2: Cúlra Thobhach Choimisiún na Meán

Cuirtear an foilseachán seo ar fáil chun treoir a sholáthar i ndáil le hoibriú an tobhaigh atá le forchur ar sholáthraithe le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026 (an “**Tréimhse Tobhaigh**”).

2.1 Déantar foráil maidir leis an mbonn reachtúil le tobhach an Choimisiúin le haghaidh na Tréimhse Tobhaigh in I.R. Uimh. 602/2025 An tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21), 2025 (“**an tOrdú Tobhaigh**”). Tá éifeacht leis an Ordú Tobhaigh amhail ar an 1 Eanáir 2026 agus uaidh sin.

2.2 Agus an tOrdú Tobhaigh á dhréachtú, thug an Coimisiún aird ar na tosca seo a leanas:

- Maoiniú soláthraithe, lena n-áirítear aon mhaoiniú poiblí;
- A inmhianaithe atá sé seirbhísí nua nó nuálacha a chur chun cinn;
- Cineál agus scála na seirbhísí arna soláthar ag soláthraí;
- Aon toisc eile lena bhféadfar difear a dhéanamh d’fheidhmeanna a bheith á bhfeidhmiú ag an gCoimisiún i ndáil le soláthraí, lena n-áirítear i gcás seirbhísí ainmnithe ar líne, ábhair dá dtagraítear in ailt 139E(3)(d), (e) agus (f) den Acht;
- Aon toisc eile lena bhféadfar difear a dhéanamh d’fheidhmeanna a bheith á gcomhlíonadh ag an gCoimisiún i ndáil le soláthraí seirbhíse idirghabhálaí, lena n-áirítear má ainmníodh an soláthraí sin mar ardán an-mhór ar líne (VLOP) nó inneall cuardaigh an-mhór ar líne (VLOSE) faoi Airteagal 33 de GSD[1] agus gur gearradh an táille mhaoirseachta bhliantúil air faoi Airteagal 43 de GSD;
- Intuarthacht;
- Simplíocht agus éifeachtúlacht costais ó thaobh riaracháin de;
- Comhréireacht leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige; agus
- Leanúnachas rialála.

2.3 Tá na tosca sin comhionann leo sin a breithníodh agus an t-ordú tobhaigh á fhorbairt do thréimhse thobhaigh 2025 (I.R. Uimh. 698 de 2024), ach amháin, chun foclaíocht alt 21(5) den Acht a léiriú, gur thagair an Coimisiún do “feidhmeanna” go díreach seachas “feidhmeanna rialála”.

2.4 Leis an Ordú Tobhaigh, forchuirtear tobhaigh ar sholáthraithe seirbhíse clár teilifíse, soláthraithe seirbhíse craolacháin fuaime, soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh, soláthraithe

[1] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

seirbhíse ainmnithe ar líne, soláthraithe seirbhísí idirghabhálaí ábhartha agus soláthraithe seirbhísí óstála ábhartha ("**Íocóirí Tobhaigh**", i dteannta a chéile, agus "**Íocóir Tobhaigh**" an uile dhuine acu). I gcás ina soláthraíonn soláthraí seirbhísí i níos mó ná ceann amháin de na catagóirí seirbhísí, beidh an soláthraí faoi dhliteanas tobhach ar leith a íoc i leith gach ceann de na catagóirí seirbhísí a sholáthraíonn sé, agus gach ceann de na seirbhísí a sholáthraíonn sé laistigh den chatagóir sin. Déanfar gach tobhach a shonrascadh ar leith.

## Cuid 3: Príomhghnéithe den Ordú Tobhaigh

Leagtar amach sonraí iomlána maidir le conas a ríomhfar na tobhaigh i Sceidil 2 go 8 a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh.

**Ríomh an Tobhaigh**

| **Catagóir** | **Bunús an Tobhaigh** |
|---|---|
| **Soláthraithe seirbhíse clár teilifíse** | Ioncam cáilitheach (ioncam AE)[2] ≤ €500,000, díolmhaithe<br><br>Ioncam cáilitheach (ioncam AE) > €500,000, tobhach ráta céatadáin sheasta<br><br>Íocaíocht tobhaigh = Ioncam cáilitheach (Ioncam AE) * B<br><br>Leagtar amach ríomh 'B' i Sceideal 2 a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh. |
| **Soláthraithe Seirbhíse Craolacháin Fuaime** | Ioncam cáilitheach (ioncam AE)[2] ≤ €500,000, díolmhaithe<br><br>Ioncam cáilitheach (ioncam AE) > €500,000, tobhach ráta céatadáin sheasta<br><br>Íocaíocht tobhaigh = Ioncam cáilitheach (Ioncam AE) * C<br><br>Leagtar amach ríomh 'C' i Sceideal 3 a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh. |
| **Soláthraithe Alt 71** | Tá íocaíocht tobhaigh ina tobhach seasta atá comhionann leis an tsuim a íoctar leis an gCoimisiún ar mhodh táille roimh chonradh alt 71 a dhéanamh. |
| **Soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh** | Ioncam cáilitheach (ioncam AE)[3] ≤ €500,000, díolmhaithe<br><br>Ioncam cáilitheach (ioncam AE) > €500,000, tobhach ráta céatadáin sheasta<br><br>Íocaíocht tobhaigh = Ioncam cáilitheach (Ioncam AE) * D<br><br>Leagtar amach ríomh 'D' i Sceideal 5 a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh. |
| **Soláthraithe Seirbhíse ar Líne Ainmnithe** | Íocaíocht tobhaigh = an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla[4] in aghaidh gach seirbhíse ainmnithe aonair ar líne * E<br><br>Leagtar amach ríomh 'E' i Sceideal 6 a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh. |
| **Soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí** | Ardáin ar líne agus innill chuardaigh ar líne leis an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla[5] ≤ 1,000,000, díolmhaithe |

[2] Leagtar amach sainmhíniú ar ioncam cáilitheach i Sceideal 9 a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh.
[3] Leagtar amach sainmhíniú ar ioncam cáilitheach i Sceideal 10 a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh.
[4] Is éard atá i gceist le tréimhse ábhartha na meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla an tréimhse sé mhí suas go dtí an 17 Lúnasa 2025, de réir Sceideal 6 den Ordú Tobhaigh. Soláthair an líon i leith faighteoirí atá logáilte isteach in AE.
[5] Is éard atá i gceist le tréimhse ábhartha na meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla an tréimhse sé mhí suas go dtí an 17 Lúnasa 2025, de réir Sceideal 7 den Ordú Tobhaigh. Soláthair an líon i leith faighteoirí atá logáilte isteach in AE.

| | |
|---|---|
| | Ardáin ar líne agus innill chuardaigh ar líne leis an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla[5] > 1,000,000, tobhach ráta sheasta in aghaidh an úsáideora<br><br>Íocaíocht tobhaigh = an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla[5] in aghaidh gach seirbhíse idirghabhálaí intobhaigh aonair ar líne * F<br><br>Leagtar amach ríomh 'F' i Sceideal 7 a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh. |
| **Soláthraithe seirbhísí óstála** | Íocaíocht tobhaigh = an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla[6] in aghaidh gach seirbhíse óstála intobhaigh aonair * G<br><br>Leagtar amach ríomh 'G' i Sceideal 8 a ghabhann leis an Ordú Tobhaigh. |

[6] Is éard atá i gceist le tréimhse ábhartha na meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla an tréimhse sé mhí suas go dtí an 17 Lúnasa 2025, de réir Sceideal 8 den Ordú Tobhaigh. Soláthair an líon i leith faighteoirí atá logáilte isteach in AE.

## Cuid 4: Forbhreathnú ar an bPróiseas Bailithe Tobhaigh

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe den phróiseas bailithe tobhaigh le haghaidh na Tréimhse Tobhaigh:

4.1 Lorgófar faisnéis ó Íocóirí Tobhaigh le linn mhí Feabhra 2026 chun a chumasú don Choimisiún na méideanna atá iníoctha ag gach Íocóir Tobhaigh le haghaidh na Tréimhse Tobhaigh a ríomh. Iarrfar ar Íocóirí Tobhaigh faisnéis a chur isteach i bhformáid shonraithe, faoi dháta ar leith. San fhaisnéis sin, áireofar sonraí maidir le hioncam cáilitheach Íocóirí Tobhaigh bunaithe ar ráitis airgeadais don bhliain féilire ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024, nó an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla a bhí logáilte isteach laistigh den tréimhse sé mhí suas go dtí an 17 Lúnasa 2025.

4.2 Is é is aidhm don Choimisiún a thábla ríomha don chaiteachas agus don tobhach measta le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026 a chomhroinnt le hÍocóirí Tobhaigh sula n-eisítear na chéad sonraisc.

4.3 Ríomhtar méid an tobhaigh a fhorchuirtear ar Íocóirí Tobhaigh don Tréimhse Thobhaigh chun a chinntiú go mbeidh méid na dtobhach uile leordhóthanach chun costais an Choimisiúin a tabhaíodh i gceart, i dteannta a cheanglas caipitil oibre, a chomhlíonadh sa Tréimhse Thobhaigh.

4.4 Úsáid Athróige Ionadaí – I gcás ina mainníonn aon soláthraí freagra iomlán a thabhairt ar Fhógra Airteagal 20 ón gCoimisiún faoin spriocdháta sonraithe agus i gcás ina bhfuil gá leis an bhfaisnéis amuigh chun tobhach ábhartha a ríomh, féadfaidh an Coimisiún ceann amháin de na hathróga ionadacha seo a leanas a chur i bhfeidhm chun an tobhach sin a ríomh:

- Freagraí nó aighneachtaí arna soláthar ag an soláthraí ón mbliain roimhe sin (nó ón mbliain roimhe sin arís, má tá siad ar fáil), agus iad coigeartaithe suas le 10%.
- Foinsí maidir leis an Tagarmharc Rialála nó le Sonraí Poiblí. Mar shampla, figiúirí AMAR foilsithe ó ardáin inchomparáide nó tuarascálacha tionscail.
- Athróg Ionadach Phiarghrúpa. Mar shampla, sonraí ó eintitis ar mhéid comhchosúil, de chineál seirbhíse comhchosúil nó ag a bhfuil sciar comhchosúil den mhargadh laistigh den chatagóir chéanna.
- Athróg Ionadach Tairsí Íosta. In éagmais sonraí leordhóthanacha a bheith ar fáil, féadfaidh an Coimisiún athróg ionadach a chur i bhfeidhm chun an tobhach ábhartha a ríomh.

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún athróg ionadach a chur i bhfeidhm i leith aon soláthraí ar leith, tabharfar fógra don soláthraí sin maidir leis an athróg ionadach a roghnaítear sula n-eisítear an chéad sonrasc. I gcás inar féidir, féachfaidh an Coimisiún lena chinntiú go dtabharfar aghaidh ar aon neamhréireachtaí, a chruthaítear de dheasca athróg ionadach a chur i bhfeidhm, mar chuid de phróisis réitigh tobhaigh an Choimisiúin le haghaidh na tréimhse tobhaigh.

4.5 Beidh tobhaigh iníoctha le ceithre thráthchuid. Eiseofar sonraisc sna tráthchodanna seo a leanas:

| **Na soláthraithe seirbhíse uile seachas soláthraithe alt 71** | **Mí mheasta eisiúna sonrasc** |
|---|---|
| An chéad tráthchuid | Márta 2026 |
| An dara tráthchuid | Bealtaine 2026 |
| An tríú tráthchuid | Lúnasa 2026 |
| An ceathrú tráthchuid | Deireadh Fómhair 2026 |

4.6 Tá ús inmhuirir ar íocaíochtaí déanacha i gcomhréir le hAirteagail 23 agus 24 den Ordú Tobhaigh, agus cuirfear sonraí maidir le pionóis úis atá le fabhrú san áireamh sna sonraisc tráthchoda deiridh a eisítear chuig gach soláthraí i mbliain féilire 2026 nó, sna chéad sonraisc tráthchoda den tobhach atá dlite i ndáil le bliain féilire 2027.

## Cuid 5: Ceisteanna Coitianta

### 5.1 Cad é a tharlóidh má sholáthraím seirbhísí iomadúla?

Gearrtar an tobhach ar bhonn na seirbhíse ionas go meallann gach seirbhís tobhach laistigh de chatagóir intobhaigh, beag beann ar a húinéireacht. I gcás ina bhfuil seirbhís/soláthraí faoi réir níos mó ná tobhach amháin, is amhlaidh atá mar gheall ar na córais rialála éagsúla ag a bhfuil feidhm maidir leis an tseirbhís/leis an soláthraí. Níl aon chomhaireamh dúbailte ar chostais an Choimisiúin agus na tobhaigh ar leithligh á ríomh.

### 5.2 Cad é a tharlaíonn i gcás soláthraithe seirbhíse nua atá ceadúnaithe, cláraithe, ainmnithe, dá dtugtar fógra agus/nó a thagann i bhfeidhm den chéad uair le linn na tréimhse tobhaigh?

Le haghaidh na tréimhse tobhaigh, maidir le soláthraithe atá ceadúnaithe (i gcás soláthraithe seirbhísí craolacháin fuaime nó soláthraithe seirbhíse clár teilifíse), agus/nó soláthraithe atá cláraithe (i gcás soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh), agus/nó soláthraithe atá ainmnithe (i gcás soláthraithe seirbhíse ainmnithe ar líne), agus/nó soláthraithe dar tugadh fógra á rá gur áiríodh iad ar liosta sheirbhísí idirghabhálaí an Choimisiúin (i gcás soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí), agus/nó dar tugadh fógra á rá go bhfuil siad neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta (i gcás soláthraithe seirbhíse óstála) amhail ó thosach na Tréimhse Tobhaigh, beidh na soláthraithe sin, agus na soláthraithe sin amháin, faoi réir an tobhaigh. Maidir le soláthraithe atá ceadúnaithe, cláraithe, ainmnithe, dá dtugtar fógra agus/nó a thagann i bhfeidhm den chéad uair tar éis an 1 Eanáir 2026, ach le linn na Tréimhse Tobhaigh, ní éileofar orthu tobhach a íoc le haghaidh na Tréimhse Tobhaigh.

Mar shampla, maidir le soláthraí a thosaíonn oibríochtaí ceadúnaithe nó atá cláraithe nó ainmnithe i mí an Mheithimh 2026, ní éileofar air aon tobhach a íoc sa Tréimhse Thobhaigh, d'ainneoin go dtabhóidh an Coimisiún costais agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh i leith an tsoláthraí sin. Mar sin féin, gheofar na costais sin ar ais an bhliain a fhágann an soláthraí sin an chatagóir intobhaigh nó nach mbeidh sé ceadúnaithe, cláraithe ná ainmnithe a thuilleadh.

### 5. 3 Cad é a tharlóidh mura n-ullmhaítear mo chuntais ar bhonn bliain féilire?

Chun cóir chothrom idir Íocóirí Tobhaigh a chinntiú, tá sé bunriachtanach go ríomhfar ioncaim cháilitheacha ar feadh tréimhse chaighdeánach atá comhréireach leis an Tréimhse Thobhaigh, i.e. ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024. Ar chúiseanna comhchosúla, tá sé bunriachtanach freisin go ríomhfar an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla faoi threoir tréimhse seasta le deireanaí.

### 5. 4 Conas is féidir liom a bheith cinnte de go bhfuil luach ar airgead á sholáthar ag an gCoimisiún?

Tá an Coimisiún tiomanta do luach ar airgead a chinntiú do na hÍocóirí Tobhaigh uile tríd an éifeachtúlacht costais lena dtugtar faoi na feidhmeanna uile a uasmhéadú. Leis an Acht, cuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún meastacháin ar ioncam agus caiteachas a chur faoi bhráid an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ("**an tAire**") agus faisnéis a thabhairt don Aire maidir le tograí agus pleananna amach anseo a bhaineann lena fheidhmeanna ar feadh tréimhse shonraithe. Tá cuntais bhliantúla an Choimisiúin faoi réir iniúchadh arna dhéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus foilsítear iad, i dteannta a thuarascála bliantúla ar a shuíomh gréasáin, nuair a bheidh siad curtha faoi bhráid an rialtais.

## Cuid 5: Ceisteanna Coitianta (ar lean)

### 5.5 Cad é a tharlóidh má rómheasann a Coimisiún a chostais oibriúcháin?

Éilítear ar na hÍocóirí Tobhaigh uile ráiteas agus/nó deimhniú a chur isteach maidir lena n-ioncam cáilitheach, sin nó fíorú ar an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla a logáladh isteach lena ndeimhnítear fírinneacht an ioncaim cháilithigh a cuireadh isteach nó an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla.

Tá costais oibriúcháin iarbhír an Choimisiúin le haghaidh na Tréimhse Tobhaigh faoi réir iniúchadh arna dhéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste. Nuair a bheidh an t-iniúchadh curtha i gcrích agus nuair a bheidh cuntais sínithe faoi spriocdháta reachtúil an 30 Meitheamh an bhliain dár gcionn, agus nuair a bheidh ráitis na nÍocóirí Tobhaigh uile agus/nó deimhnithe maidir lena n-ioncam cáilitheach nó fíorú ar an líon meánfhaighteoirí gníomhacha míosúla a logáladh isteach faighte, déantar na luachanna ‘B’, ‘C’, ‘D’, ‘E’, ‘F’, agus ‘G’ a leagtar amach i Sceidil 2, 3, 5, 6, 7 agus 8 den Ordú Tobhaigh a athríomh.

Déanfar athríomh an tobhaigh do gach catagóir agus gach Íocóir Tobhaigh bunaithe ar chostais oibriúcháin iniúchta an Choimisiúin agus ar an bhfaisnéis bhreise a chuireann na hÍocóirí Tobhaigh isteach.

Coinneoidh an Coimisiún aon bharrachais lena bhfritháireamh go comhréireach in aghaidh oibleagáidí tobhaigh iartheachtacha an Íocóra nó na nÍocóirí Tobhaigh ábhartha, nó aisíocfar iad go comhréireach leis an Íocóir nó na hÍocóirí Tobhaigh ábhartha ar ar forchuireadh an tobhach.